C/2026/4126

27.7.2026

Fógra le haghaidh daoine aonair áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin

(C/2026/4126)

Dírítear aird **Khalil Ahmed Haqqani (ar a dtugtar freisin (a) Khalil Al-Rahman Haqqani, (b) Khalil ur Rahman Haqqani, (c) Khaleel Haqqani), agus Abdul Rauf Zakir (ar a dtugtar freisin Qari Zakir)**, daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, grúpaí, gnóthais agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin nó, i gcás inarb iomchuí, aird a gcomharbaí, ar an bhfaisnéise seo a leanas.

An 15 Aibreán 2026, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun mhír 30 de Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann leis na daoine thuasluaite a nuashonrú. Tá na hinsintí is bun leis na nuashonruithe sin ar fáil ar:

Trí Iontráil ar a Liosta Smachtbhannaí leasaithe ag Coiste Smachtbhannaí na Comhairle Slándála Bunaithe de bhun Rún 1988 (2011) | Clúdach Cruinnithe na Náisiún Aontaithe agus Preaseisiúintí

I bhfianaise an mhéid thuas, tá sé beartaithe ag an gComhairle na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 753/2011 ón gComhairle.

Ba cheart aon bharúlacha ba mhian leis na daoine lena mbaineann a chur in iúl nó, i gcás inarb iomchuí, a gcomharbaí, a thíolacadh faoin **10 Lúnasa 2026** chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu